



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 19 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

14008/23

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0371(COD)**

**VISA 200
MIGR 322
FRONT 306
COMIX 444**

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	19 Deireadh Fómhair 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2023) 642 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1806 a mhéid a bhaineann leis an athbhreithniú ar an sásra fionraíochta

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 642 final.

Faoi iamh: COM(2023) 642 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.10.2023
COM(2023) 642 final

2023/0371 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1806 a mhéid a bhaineann leis an athbhreithniú ar
an sásra fionraíochta**

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Baineann an tAontas agus comhpháirtithe tairbhí suntasacha as an taisteal gan víosa ar fud an domhain. Is féidir taisteal ar bhonn níos áisiúla agus is uirlis thábhachtach é chun teagmhálacha duine le duine, an turasóireacht, forbairt eacnamaíoch agus malartú cultúrtha a chur chun cinn. Tá córas gan víosa i bhfeidhm ag an Aontas faoi láthair le 60 tríú tír¹. Faoin gcóras seo, is féidir le náisiúnaigh ó na tíortha seo sealanna gairide suas le 90 lá a chaitheamh i limistéar Schengen laistigh d'aon tréimhse 180 lá gan víosa. Tá beartas an Aontais gan víosa bunaithe ar phrionsabal na cómhálartachta víosaí.

Baineann saoránaigh ar an dá thaobh tairbhí móra as taisteal gan víosa, rud a neartaíonn caidreamh an Aontais lena chomhpháirtithe a thuilleadh. Cuireann sé borradh faoi earnáil an taistil agus faoin turasóireacht, ar dá mbarr a baineadh amach thart ar 7 % d'onnmhairí an domhain in 2019², de réir mheastacháin ECFE, agus a chuir thart ar 4.4 % in OTI de chuid thíortha ECFE³. Cuireann taisteal gan víosa malartuithe cultúrtha agus acadúla chun cinn freisin. Cothaíonn sé freisin caidreamh taidhleoireachta agus comhar idirnáisiúnta, as a dtagann méadú ar idirghníomhaíochtaí polaitiúla i réimsí éagsúla, idir comhar trádála agus comhar eacnamaíoch, slándáil, an nuálaíocht agus an teicneolaíocht.

In 2019 thaisteal 364.8 milliún daoine gan víosa idir an tAontas Eorpach agus tíortha nach Ballstáit den Aontas iad. Is méadú 7 % ó 2018 é sin⁴.

An tráth céanna, léirigh an faireachán a rinne an Coimisiún ar chórais taistil gan víosa an Aontais, lena n-áirítear a thuarascálacha faoin Sásra lena gCuirtear Tarscaoileadh Víosaí ar Fionraí⁵, go bhféadfadh córas taistil gan víosa a bheith ina chúis le dúshláin mhóra imirce agus slándála.

¹ Mar a liostaítear in Iarscríbhinn II de Rialachán (AE) 2018/1806 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin, IO L 303, 28.11.2018, lch. 39. Ina theannta sin, tá náisiúnaigh ó dhá shainréigiún riaracháin sa tSín (Hong Cong agus Macao) agus údarás críochach amháin nach n-aithníonn Ballstát amháin de chuid an Aontais ar a laghad (an Téaváin) mar stát agus, ar a dhéanaí faoin 1 Eanáir 2024, an Chosaiv*, díolmhaithe ó víosa freisin.

² Is í an bhliain 2019 an bhliain thagartha ionadaíoch dheireanach sular cuireadh na srianta taistil i bhfeidhm de dheasca Covid-19.

³ Safe-and-seamless-travel-and-improved-traveller-experience-OECDReport-for-the-G20-TWG_merged.pdf

⁴ Ba iad seo a leanas na 5 cinn scríbe is mó de chuid an Aontais a raibh taistealaithe ag dul chucu ó thíortha gan víosa nach Ballstáit den Aontas iad in 2019: An Spáinn (61.1 milliún), an Fhrainc (54.7 milliún), an Iodáil (51.1 milliún), an Ghearmáin (49.2 milliún), an Ghréig (25.8 milliún).

⁵ Ceanglaítear le hAirteagal 8(4) de Rialachán (AE) 2018/1806 ar an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh leanúnach na gceanglas sonracha, atá bunaithe ar Airteagal 1 agus a úsáideadh chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht léirscaoilte víosa arna dheonú, ag na tríú tíortha ar díolmháidh a náisiúnaigh ón gceanglas víosa agus iad ag taisteal chuig críoch Ballstát, ar díolúine í ar toradh í ar idirphlé rathúil maidir le léirscaoileadh víosa idir an tAontas agus an tríú tír sin. Chuige sin, ó bhí 2017 ann ghlac an Coimisiún le cúig thuarascáil faoin Sásra Fionraíochta Víosaí, lena gcuimhdeáítear na comhpháirtithe atá díolmhaithe ó cheanglas víosaí sna Balcáin Thiar (an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Montainéagró, an Mhacadóin Thuaidh, agus an tSeirbia) agus i gComhpháirtíocht an Oirthir (an tSeoirsia, an Mholdáiv, agus an Úcráin). Ina theannta sin, déanann an Coimisiún faireachán rialta ar chórais taistil gan víosa le tríú tíortha eile, i gcomhthéacs na féidearthachta an sásra fionraíochta a chur in úsáid ar a thionscnamh féin, de réir Airteagal 8(3) de Rialachán (AE) 2018/1806.

D'fhéadfadh córas taistil gan víosa a bheith ina chúis le méadú ar an imirce neamhrialta trí rófhanacht taistealaithe a bhfuil córas taistil gan víosa acu nó trí líon ard iarratas ar thearmann arna gcur isteach ag náisiúnaigh ó thríú tíortha a bhfuil córas taistil gan víosa acu agus a bhfuil rátaí ísle aitheantais acu (iarratais gan bhunús ar thearmann). Ina theannta sin, i gcásanna áirithe, is féidir le hailíniú neamhleor víosaí le beartas víosaí an Aontais mol idirthurais a dhéanamh de thír gan víosa le haghaidh teacht isteach neamhrialta san Aontas.

Ina theannta sin, d'fhéadfadh rioscaí nó bagairtí do bheartas poiblí nó do shlándáil inmheánach na mBallstát a bheith mar thoradh ar scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí arna n-oibriú ag tríú tíortha a bhfuil rochtain gan víosa acu ar an Aontas, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le insíothlú na coireachta eagraithe, sciúradh airgid, imghabháil cánach agus éilliú. Is é is aidhm do scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí infheistíocht a mhealladh trí chearta saoránachta na tíre lena mbaineann a dheonú d'infheisteoirí ó thríú tíortha, faoi choinníollacha nach bhfuil chomh dian céanna le gnáthchórais eadóirseachta⁶. I gcás ina bhfaigheann náisiúnaigh tríú tír, a mbeadh ceanglas víosa orthu murach sin, saoránacht i dtír ina bhfuil córas taistil gan víosa aici, a bhuí le scéimeanna den sórt sin, is féidir leo iad a úsáid chun an nós imeachta rialta maidir le víosaí gearrfhanachta agus an measúnú ar rioscaí imirce agus slándála atá i gceist leis a sheachaint.

Tá tionchar as cuimse ag teagmhais gheopholaitiúla a tharla le déanaí ar shlándáil agus ar theorainneacha seachtracha na mBallstát, rud a léiríonn go bhféadfadh trasnaíocht eachtrach a bheith ina bagairt thromchúiseach ar shlándáil na mBallstát. I mí Dheireadh Fómhair 2021, ghlac an Chomhairle Eorpach⁷ conclúidí ag iarraidh ar an gCoimisiún athruithe ar chreat dlíthiúil an Aontais a mholadh chun freagairt iomchuí ar ionsaithe hibrídeacha a áirithiú. Bheadh an sásra lena gcuirtear tarscaoileadh víosaí ar fionraí ina chuid de bhosca uirlisí an Aontais chun freagairt ar bhagairtí hibrídeacha, amhail ionstraimiú státurraithe na n-imirceach.

Is cosaint é an sásra fionraíochta, a bhunaítear i Rialachán (AE) 2018/1806⁸, ar mhí-úsáid an chórais taistil gan víosa. Leis an sásra cumasaítear fionraíocht shealadach na díolúine ón gceanglas víosa i gcás ina dtiocfaidh méadú tobann substaintiúil ar an imirce neamhrialta nó ar rioscaí slándála. Mar sin féin, ós rud é go bhfuil méadú ag teacht ar na dúshlán atá ann mar thoradh ar an imirce neamhrialta, agus ar bhagairtí ar shlándáil an Aontais, ba léir gur ghá an sásra sin a neartú agus a fheabhsú a thuilleadh.

Mar sin de, mhol an tUachtarán von der Leyen ina litir chuig an gComhairle Eorpach an 20 Márta 2023 go *'neartóidh an Coimisiún an mhonatóireacht a dhéanann sé ar ailíniú an bheartais víosaí agus cuirfidh sé tuarascáil chuimsitheach i láthair lena réiteofar an bealach do thogra reachtach lena leasófar an sásra fionraíochta víosaí'*. Dá réir, an 30 Bealtaine 2023, ghlac an Coimisiún Teachtaireacht inniu maidir le monatóireacht a dhéanamh ar chórais taistil an Aontais gan víosa⁹ ina leagtar amach próiseas comhairliúcháin. Breathnaíodh sa Teachtaireacht ar fheidhmiú chórais taistil an Aontais gan víosa agus sainithníodh na príomhdhúshlán i réimsí na himirce neamhrialta agus na slándála.

⁶ Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Scéimeanna Saoránachta agus Cónaithe d'Infheisteoirí san Aontas Eorpach, COM(2019) 12 final.

⁷ Cruinniú den Chomhairle Eorpach (an 21 agus 22 Deireadh Fómhair 2021) – Conclúidí.

⁸ Rialachán (AE) 2018/1806 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin, IO L 303, 28.11.2018, lch. 39.

⁹ COM/2023/297 final.

Chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an iliomad dúshlán a eascraíonn as córas taistil gan víosa i gcomhthéacs geopholaitiúil agus a chur san áireamh an comhairliúchán le Parlaimint na hEorpa, leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara eile, is é is aidhm don togra seo an sásra fionraíochta a oiriúnú do dhúshlán den sórt sin, trí na forálacha ábhartha a leagtar amach in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2018/1806 a leasú.

An sásra chun taisteal gan víosa a chur ar fionraí

Le Rialachán (AE) 2018/1806, déantar foráil maidir le comhchuibhiú iomlán a mhéid a bhaineann leis na tríú tíortha sin a bhfuil a náisiúnaigh faoi réir ceanglais víosa a bheith ina seilbh acu chun teorainneacha seachtracha na mBallstát a thrasnú (dá ngairtear ‘an ceanglas víosa’ freisin) agus maidir leis na tíortha sin a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin. Déantar foráil leis freisin maidir leis an deis an díolúine ón gceanglas víosa a fhionraí go sealadach (dá ngairtear ‘an sásra fionraíochta’ anseo feasta).

Tugadh an ‘sásra fionraíochta’ sin isteach den chéad uair in 2013¹⁰ é mar phríomhchuspóir leis go bhféadfaí an díolúine ón gceanglas víosa a fhionraí go sealadach i gcás méadú tobann substaintiúil ar an imirce neamhrialta. Rinneadh athbhreithniú ar an sásra ina dhiaidh sin in 2017¹¹ dhéanamh níos éasca do na Ballstáit fógra a thabhairt faoi na himthosca arbh fhéidir fionraíocht a bheith mar thoradh orthu, agus trína chur ar a chumas don Choimisiún an sásra fionraíochta a thionscnamh ar a thionscnamh féin.

Faoi láthair, bunaithe ar Airteagal 8(2), (3) agus (4) de Rialachán (AE) 2018/1806, is féidir an sásra fionraíochta a thionscnamh i gcás an mhéid seo a leanas:

- Méadú substaintiúil (i.e. méadú a sháraíonn tairseach 50 %) a theacht ar an líon náisiúnach den tríú tír lena mbaineann ar diúltaíodh dul isteach dóibh nó a bhfuarthas amach fúthu go bhfuil siad ag fanacht ar chríoch an Bhallstáit gan ceart chuige sin a bheith acu;
- Méadú substaintiúil (i.e. méadú a sháraíonn tairseach 50 %) a theacht ar an líon iarratas ar thearmann ó náisiúnaigh den tríú tír lena mbaineann, ar tír í a bhfuil an ráta aitheantais íseal ina leith;
- Laghdú ar an gcomhar leis an tríú tír lena mbaineann maidir le hathligeran isteach;
- Riosca méadaithe nó garbhagairt a bheith ann do bheartas poiblí nó do shlándáil inmheánach na mBallstát, go háirithe méadú substaintiúil ar chionta coiriúla tromchúiseacha a bhaineann le náisiúnaigh ón tríú tír lena mbaineann;
- Maidir leis na tríú tíortha a fuair díolúine ón gceanglas víosa mar thoradh ar idirphlé maidir le léirscaoileadh víosa, an neamhchomhlíonadh maidir leis na ceanglais shonracha a úsáideadh chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht léirscaoilte víosa a dheonú.

¹⁰ Rialachán (AE) Uimh. 1289/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 ón gComhairle lena liostaítear na tríú tíortha a bhfuil ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin IO L 347, 20.12.2013, lgh. 74–80.

¹¹ Rialachán (AE) 2017/371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 1 Márta 2017 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 ón gComhairle lena liostaítear na tríú tíortha a bhfuil ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin (athbhreithniú ar an sásra fionraíochta), IO L 61, 8.3.2017, lgh. 1–6.

Chun an nós imeachta fionraíochta a thionscnamh, ní mór don Choimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas, tar éis fógra ó na Ballstáit a scrúdú, nó tar éis dó anailís a dhéanamh air féin, agus ina dhiaidh sin féadfaidh sé a chinneadh go bhfuil gá le gníomhaíocht agus an sásra a thionscnamh. Tionscnaítear an nós imeachta fionraíochta go huathoibríoch i gcás ina dtugann tromlach simplí de na Ballstáit fógra don Choimisiún maidir le ceann amháin nó níos mó de na himthosca thuas a bheith ann.

Tá trí chéim sa nós imeachta fionraíochta:

- (1) Maireann fionraíocht na díolúine ón gceanglas víosa naoi mí ar dtús agus cinntear é le gníomh cur chun feidhme ón gCoimisiún. Le linn na tréimhse fionraíochta, ba cheart don Choimisiún idirphlé feabhsaithe leis an tríú tír lena mbaineann, d'fhonn na himthosca atá i gceist a leigheas.
- (2) I gcás ina leanfaidh na himthosca ba chúis leis an bhfionraí ar aghaidh, ba cheart síneadh 18 mí breise a chur leis an bhfionraí le gníomh tarmiligthe.
- (3) I gcás nach dtiocfar ar réiteach roimh dheireadh chéim 2, féadfaidh an Coimisiún a mholadh go ndéanfar an díolúine ón gceanglas víosa a fhoirceannadh go buan agus go n-aistreofar an tríú tír ó Iarscríbhinn II go dtí Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1806, trí ghnáthnós imeachta reachtach.

• **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

I Rialachán (AE) 2018/1806 liostaítear na tríú tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha na mBallstát dóibh agus liostaítear ann na tríú tíortha a mbeidh a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin. Tá Rialachán (AE) 2018/1806 á chur i bhfeidhm ag na Ballstáit go léir – cé is moite d'Éirinn. Cuireann an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua agus an Eilvéis i bhfeidhm é freisin. Is cuid é an Rialachán sin de chomhbheartas víosaí an Aontais Eorpaigh maidir le gearrfhanacht suas le 90 lá in aon tréimhse 180 lá.

Tá an leasú comhsheasmhach leis na forbairtí móra is déanaí i réimse an bheartais víosaí agus teorann, arb é is aidhm dó slándáil limistéar Schengen a threisiú:

- Leis an Rialachán maidir leis an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) a athbhreithníodh le déanaí¹², lena mbeifear in ann seiceálacha cúlra níos críochnúla a dhéanamh ar iarratasóirí ar víosaí, bearnaí faisnéise slándála a dhúnadh trí mhalartú faisnéise níos fearr idir na Ballstáit, agus fuadach agus gáinneáil ar leanaí a chomhrac ar bhealach níos fearr tríd an aois méarlorgaireachta do mhionaoisigh a ísliú. Leathnóidh sé an Córas Faisnéise Víosaí freisin chun víosaí fadfhanachta agus ceadanna cónaithe a áireamh.
- An Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)¹³, ar cuid é den chreat le haghaidh Teorainneacha Cliste agus idir-inoibritheachta agus lena dtugtar isteach údarú taistil ar líne do náisiúnaigh tríú tír nach bhfuil víosa de dhíth orthu.

¹² Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 maidir leis an gcóras faisnéise víosaí agus maidir le sonraí ar víosaí gearrfhanachta a mhalartú idir Ballstáit (rialachán VIS).

¹³ Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1077/2011, (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/1624 agus (AE) 2017/2226.

- An Córas Dul Isteach/Imeachta (EES)¹⁴, a chuirfidh de cheangal ar gach taistealaí a thugann cuairt ar limistéar Schengen le haghaidh gearrfhanachtaí dul isteach agus imeacht ag pointí trasnaithe na teorainneacha seachtracha a thaifeadadh, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann rófhantóirí a bhrath.
- An dara glúin de Chóras Faisnéise Schengen (SIS II), lena gceadaítear malartuithe faisnéise idir údaráis náisiúnta rialaithe teorann, údaráis chustaim agus údaráis phóilíneachta, lena n-áirithítear gur féidir saorghluaiseacht daoine laistigh den Aontas Eorpach a dhéanamh i dtimpeallacht shábháilte¹⁵.
- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an tionscnamh seo comhsheasmhach le beartais an Aontais maidir le himirce, bainistiú teorainneacha agus slándáil, toisc gurb é a phríomhchuspóir aghaidh a thabhairt ar rioscaí slándála agus imirce neamhrialta do limistéar Schengen.

Go háirithe, leis an athbhreithniú atá beartaithe ar an sásra fionraíochta, rannchuideofar le cuspóirí an Aontais a chur chun cinn i réimsí na himirce agus na slándála trí mhí-úsáidí féideartha a bhaineann le córas taistil gan víosa a chomhrac, a bhfuil rioscaí imirce nó slándála ag baint leo do na Ballstáit, i dtéarmaí imirce neamhrialta, beartais phoiblí agus slándála.

Tá an tionscnamh seo comhsheasmhach le caidreamh seachtrach an Aontais (lena n-áirítear breithnithe maidir le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha) agus go háirithe lena bheartas um méadú, a mhéid a bhaineann le tríú tíortha a bhfuil córas taistil gan víosa acu agus ionchais aontachais acu.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• Bunús dlí

Is é Airteagal 77(2), pointe (a) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) bunús dlí an togra seo, lena dtugtar de chumhacht don Aontas bearta a fhorbairt a bhaineann leis an ‘gcomhbheartas maidir le víosaí agus maidir le ceadanna cónaithe gearrfhanachta eile’. Forbairt ar *acquis* Schengen a bheidh sa Rialachán leasaitheach atá beartaithe.

• Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)

Tá an sásra fionraíochta atá leagtha síos i Rialachán (AE) 2018/1806 ina chuid dhílis de chomhbheartas víosaí an Aontais Eorpaigh. Ní féidir an cuspóir maidir leis an sásra sin a neartú a bhaint amach ach amháin trí ghníomhaíocht ar leibhéal an Aontais, eadhon trí leasú ar an Rialachán. Ní féidir leis na Ballstáit gníomhú astu féin chun an cuspóir beartais a bhaint amach.

¹⁴ Rialachán (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2017 lena mbunaítear Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnach tríú tír a chlárú agus iad ag trasnú teorainneacha seachtracha na mBallstát agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí, agus lena leasaítear an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011.

¹⁵ Rialachán (AE) 2018/1860 maidir le húsáid Córas Faisnéise Schengen chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh; Rialachán (AE) 2018/1861 maidir le SIS a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse na seiceálacha teorann, lena leasaítear an Coinbhinsiún lena gcuirtear Comhaontú Schengen chun feidhme; Rialachán (AE) 2018/1862 maidir le SIS a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla.

- **Comhréireacht**

De réir phrionsabal na comhréireachta a leagtar síos in Airteagal 5(4) de CAE, ní mór cineál agus déine birt ar leith a bheith ag freagairt do chineál agus do dhéine na faidhbe a sainathníodh. Tugtar aghaidh ar na saincheisteanna uile sa tionscnamh reachtach seo agus, dá réir sin, iarrtar gníomhaíocht reachtach ar leibhéal an Aontais a chuireann ar a gcumas do na Ballstáit aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na fadhbanna sin.

Is é príomhchuspóir an togra seo an sásra fionraíochta a dhéanamh níos cumasaí chun freagairt go tapa agus go cinntitheach do dhúshláin atá ag teacht chun cinn i réimse na himirce agus na slándála neamhrialta a eascraíonn as tríú tíortha a bhfuil córas taistil gan víosa acu, agus chun aon mhí-úsáid a bhaintear as córas taistil gan víosa a chomhrac.

An tráth céanna, ba cheart go leanfadh an sásra fionraíochta de bheith ina shásra rogha deiridh, gan aon uathoibriocht, agus ba cheart go leanfadh aon chinneadh ina leith sin d'aird chuí a thabhairt ar an gcaidreamh foriomlán idir an tAontas agus na tríú tíortha lena mbaineann chomh maith leis an gcomhthéacs polaitiúil foriomlán.

Ní rachadh leasuithe atá molta thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí atá mínithe sna ranna roimhe seo a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Ní féidir cuspóirí an togra seo a bhaint amach ach amháin trí ghníomh reachtach lena modhnaítear an sásra fionraíochta atá ann cheana. Dá bhrí sin, tá gá le rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1806.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Cuireadh tús leis an sásra fionraíochta a bunaíodh i Rialachán (AE) 2018/1806 faoi dhó: den chéad uair i mí na Bealtaine 2019, tar éis fógra a fháil ó Bhallstát ina dtuairiscítear méadú ar iarratais gan bhunús ar thearmann agus ar chionta coiriúla tromchúiseacha a bhaineann le náisiúnaigh tríú tír a bhfuil córas taistil gan víosa aici; an dara huair in 2022, tar éis don Choimisiún anailís a dhéanamh, as ar eascair fionraí shealadach na díolúine ón gceanglas víosa le haghaidh tríú tír mar gheall ar oibriú scéime saoránachta d'infheisteoirí, a bhí ina riosca méadaithe do shlándáil inmheánach agus do bheartas poiblí na mBallstát.

Léiríodh san fhógra a thug Ballstát don Choimisiún i mí na Bealtaine 2019 nárbh fhéidir na tairseacha chun an sásra fionraíochta a thionscnamh a bhaint amach d'ainneoin an mhéadaithe a tuairiscíodh ar iarratais gan bhunús ar thearmann agus ar chionta coiriúla tromchúiseacha a rinne náisiúnaigh tíre a bhfuil córas taistil gan víosa aici a cláraíodh sa Bhallstát sin. Cé gur thángthas ar an gconclúid i measúnú an Choimisiúin nár comhlíonadh na coinníollacha chun an sásra a thionscnamh sa chás sin, mheas roinnt Ballstát sa phlé ón gComhairle gur cheart na tairseacha sin a shocrú ar leibhéal níos ísle.

Mar a cheanglaítear le hAirteagail 9(2) agus 10(3) de Rialachán (AE) 2018/1806, chuir an Coimisiún tuarascáil i láthair in 2021 maidir le héifeachtacht an tsásra fionraíochta agus

maidir le tarmligeán na cumhachta faoi shásra den sórt sin¹⁶. Tháinig an tuarascáil ar an gconclúid, cé nár cuireadh aon díolúine ón gceanglas víosa a fhionraí mar thoradh ar an sásra, gur spreagadh mar thoradh air athchóirithe tábhachtacha i dtríú tíortha a bhfuil córas taistil gan víosa acu i réimse na bainistíochta imirce, na slándála, an smachta reachta agus chearta an duine.

In 2022, mar thoradh ar thionscnamh an tsásra, cuireadh an díolúine ón gceanglas víosa a fhionraí do thríú tír den chéad uair¹⁷. Leag an taithí sin béim i gcleachtas ar na deacrachtaí a bhaineann leis an sásra a spreagadh mar gheall ar a nós imeachta anásta agus léirigh sé arís go bhféadfadh sé a bheith deacair na tairseacha a iarrrtar leis na rialacha reatha a chomhlíonadh, chun aimhleasa an chuspóra chun freagairtí práinneacha a sholáthar d'fhonn rioscaí a bhaineann le himirce neamhrialta agus rioscaí slándála a eascraíonn as córas taistil gan víosa a chosc.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Sna chéad mhíonna de 2023, ar thionscnamh Uachtaránacht na Sualainne, phléigh an Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile athbhreithniú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar Rialachán (AE) 2018/1806, agus go háirithe ar an sásra fionraíochta, ar chuir na Ballstáit tacaíocht leathan in iúl ina leith. Ba é ba chúis leis sin an méadú ar líon na dtrasnuithe teorann neamhrialta a braitheadh chuig an Aontas trí bhealach na mBalcán Thiar, a bhí nasctha go páirteach le heaspa ailínithe beartais víosa ag comhpháirtithe na mBalcán Thiar, agus a spreag machnamh ar an ngá atá le hathbhreithniú a dhéanamh ar an sásra fionraíochta.

Tar éis ghlacadh na Teachtaireachta ón gCoimisiún maidir le faireachán a dhéanamh ar chórais saor ó víosaí an Aontais an 30 Bealtaine 2023, pléadh an t-athbhreithniú ar an sásra fionraíochta in COREPER an 31 Bealtaine 2023, ag an gcruinniú leis na Comhairleoirí um Cheartas agus Gnóthaí Baile an 1 Meitheamh 2023 agus ag Comhairle Schengen an 8-9 Meitheamh 2023. Léirigh na Ballstáit tacaíocht láidir chun tairseacha an tsásra fionraíochta a oiriúnú chomh maith le forais na fionraíochta a leathnú, go háirithe trí ailíniú beartais víosaí a chur san áireamh – go háirithe i gcásanna ina bhféadfadh rioscaí imirce nó slándála a bheith mar thoradh air sin – agus scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí mar fhorais bhreise. D'fháiltigh na Ballstáit freisin roimh an gcur chuige athbhreithnithe maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar thríú tíortha a bhfuil córas taistil gan víosa acu a leagtar amach sa Teachtaireacht.

Tíolacadh an Teachtaireacht do Pharlaimint na hEorpa (Coiste LIBE) an 28 Meitheamh 2023 freisin. Le linn an phlé, d'fháiltigh Comhaltaí Choiste LIBE roimh thionscnamh an Choimisiúin chun athbhreithniú a dhéanamh ar an sásra fionraíochta, go háirithe maidir leis an bhforas fionraíochta sainráite a áireamh ar scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí a oibríonn tríú tíortha a bhfuil córas taistil gan víosa acu, mar fhreagairt ar an nglao a rinne Parlaimint na hEorpa ina rún an 9 Márta 2022 le tograí don Choimisiún maidir le saoránacht agus cónaí trí bhíthin scéimeanna infheistíochta¹⁸. I measc iarrataí eile, iarradh sa rún ar an gCoimisiún an oiread brú agus is féidir a chur air a áirithiú go gcuirfidh tríú tíortha a bhfuil

¹⁶ Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le héifeachtacht an tsásra fionraíochta víosaí agus maidir le tarmligeán na cumhachta faoin sásra sin, COM/2021/603 final.

¹⁷ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/693 ón gCoimisiún an 27 Aibreán 2022 maidir leis an díolúine víosa le haghaidh náisiúnaigh Vanuatú a chur ar fionraí go sealadach C/2022/2309, IO L 129, 3.5.2022, lgh. 18–21.

¹⁸ Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Márta 2022 maidir le tograí don Choimisiún maidir le saoránacht agus cónaí trí bhíthin scéimeanna infheistíochta (2021/2026 (INL)).

scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí i bhfeidhm acu agus a bhaineann tairbhe as córas taistil gan víosa faoi Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1806 deireadh leis na scéimeanna sin, agus togra a thíolacadh chun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2018/1806 a leasú chun oibriú scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí a áireamh mar fhoras chun an díolúine ón gceanglas víosa a fhionraí.

D'fhéach an Coimisiún leis na príomh-mholtaí a rinne na Ballstáit agus Comhaltaí Choiste LIBE maidir le conas an sásra fionraíochta a athbhreithniú a chur san áireamh agus na hoibleagáidí faireacháin agus tuairiscithe a neartú i ndréachtú an togra sin.

Ar deireadh, i mí Lúnasa 2023 d'fhoilsigh an Coimisiún glao¹⁹ ar fhianaise chun dul i gcomhairle leis an bpobal i gcoitinne agus le páirtithe leasmhara eile maidir le bealaí féideartha chun an sásra fionraíochta a fheabhsú, chun bonn eolais a chur faoi ullmhú thogra an Choimisiúin. Fuair an glao 15 phíosa aiseolais ó chomhlachais taistil agus iompair, ó eagraíochtaí neamhrialtasacha agus ó shaoránaigh. Leag formhór an aiseolais sin béim ar an ngá go leanfadh an sásra fionraíochta de bheith ina shásra rogha deiridh gan aon uathoibríocht agus go gcuirfidh an pobal taistil agus an tionscal ar an eolas i bhfad roimh ré agus go soiléir i gcás ghníomhachtú na fionraíochta.

- **Measúnú tionchair**

Níl aon tionchar díreach eacnamaíoch, sóisialta ná comhshaoil ag an athbhreithniú ar an sásra lena gcuirtear tarscaoileadh víosaí ar fionraí ann féin. Beidh ar an gCoimisiún measúnú mionsonraithe a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ann dá gcuirfí an díolúine ón gceanglas víosa a fhionraí i gcás náisiúnaigh tríú tír áirithe i ngach cás faoi leith nuair a scrúdóidh sé fógra ó Bhallstát agus sula ndéanfaidh sé cinneadh an bhfuil gá le beart a dhéanamh. Dá bhrí sin, níl aon ghá le measúnú tionchair i gcás an togra seo.

- **Ceartha bunúsacha**

Ní bheidh aon tionchar diúltach ag an togra seo ar chosaint na gceart bunúsach san Aontas Eorpach.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht bhuiséadach ag an togra seo.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Mar a cheanglaítear cheana le hAirteagal 8(4) reatha de Rialachán (AE) 2018/1806, i gcás na dtríú tíortha sin a liostaítear in Iarscríbhinn II mar thoradh ar idirphlé rathúil maidir le léirscaoileadh víosa, leanfaidh an Coimisiún de mheasúnú agus tuairisciú iomlán a dhéanamh ar chomhlíonadh leanúnach na gceanglas maidir le léirscaoileadh víosa go ceann tréimhse 7 mbliana tar éis theacht i bhfeidhm léirscaoileadh víosa don tríú tír sin.

Tar éis na tréimhse seacht mbliana sin, leanfar leis an tuairisciú ar na tíortha sin ach díreofar é ar dhúshláin agus ar thosaíochtaí sonracha. Féadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh

¹⁹ https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/13910-EU-visa-policy-revision-of-the-visa-suspension-mechanism_ga

freisin tuairisc a thabhairt ar limistéir thíreolaíocha eile lasmuigh de chomharsanacht an Aontais, ag díriú ar thíortha ar leith ina bhféadfadh fadhbanna teacht chun cinn agus lena bhféadfadh comhar breise a bheith ag teastáil chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin imirce agus/nó slándála shonracha a d'fhéadfaí iad a mheas faoin sásra lena gcuirtear tarscaoileadh víosaí ar fionraí.

- **Míniú mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leis an togra seo, neartaítear agus feabhsaítear roinnt gnéithe den sásra fionraíochta a rialaítear faoi láthair le hAirteagal 8 de Rialachán (AE) 2018/1806. Cuirtear tacar d'Airteagail nua (8 go 8f) in ionad Airteagal 8 atá beartaithe. Áirítear leis an athbhreithniú roinnt leasuithe substainteacha.

Ar an gcéad dul síos, **sainítear an sásra fionraíochta sealadach in Airteagal 8(1)** nua. Foráiltear leis go bhféadfar an sásra fionraíochta a thionscnamh trí fhógra ó Bhallstát a thabhairt don Choimisiún nó trí fhógra ón gCoimisiún féin ar bhonn a anailise. Leagtar síos an nós imeachta maidir le fógra a thabhairt do na Ballstáit in Airteagal 8b (a chuirtear in ionad na bhforálacha a leagtar amach faoi láthair in Airteagal 8(2)), agus leagtar síos an nós imeachta chun go spreagfaidh an Coimisiún an sásra fionraíochta in Airteagal 8c, (a chuirtear in ionad na bhforálacha a leagtar amach faoi láthair in Airteagal 8(3) agus in Airteagal 8(4)).

Soiléirítear leis an airteagal nua, Airteagal 8(2), i gcásanna ina n-áirítear forálacha maidir le forais éagsúla le haghaidh fionraí nó nósanna imeachta éagsúla i gcomhaontú maidir leis an tarscaoileadh ar víosa ghearrfhanachta idir an tAontas agus tríú tír a liostaítear in Iarscríbhinn II, gur cheart na forálacha sin a chur i bhfeidhm in ionad fhorálacha ábhartha an Rialacháin.

Ar an dara dul síos, bunaítear leis an togra **na coinníollacha agus an nós imeachta maidir le fionraíocht in Airteagail 8a go 8f**. Leagtar amach agus leasaítear le hAirteagal 8a na forais uile agus na tairseacha uile chun an díolúine ón gceanglas víosa a fhionraí. Liostaítear na forais uile chun an díolúine ón gceanglas víosa a fhionraí, lena n-áirítear na cinn a bhaineann le méadú ar an imirce neamhrialta, méadú ar an líon iarratas gan bhunús ar thearmann, laghdú ar an gcomhar maidir le hathlíghean isteach agus cásanna eile neamh-chomhoibrithe maidir le hathlíghean isteach, a liostaítear ar leithligh faoi láthair faoi Airteagail 8(2)(c) agus 8(3), agus easpa chomhlíonadh na dtagarmharcanna léirscaoilte víosa, faoi Airteagal 8(4) faoi láthair.

I dteannta forais atá ann cheana, leathnaítear sa togra seo an foras nua beartais phoiblí agus slándála le haghaidh fionraí in Airteagal 8a(1)(d) chun **bagairtí ar bheartas poiblí agus ar shlándáil na mBallstát a eascraíonn as bagairtí hibrídeacha** a chumhdach go sainráite amhail cásanna ina ndéantar ionstraimiú státurraithe ar imircigh a dhíchobhsú nó an bonn a bhaint den tsochaí agus de na príomhinstitiúidí²⁰.

Tugtar foras nua fionraíochta isteach in Airteagal 8a(1)(e) lena dtugtar aghaidh go sonrach ar **scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí**, atá á n-oibriú faoi láthair ag roinnt tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn II. Is minic a fhógraíonn na tríú tíortha lena mbaineann na scéimeanna sin mar 'phasanna órga' agus é mar chuspóir sainráite acu taisteal gan víosa chuig

²⁰ Mar a shainmhínítear sa Teachtaireacht Chomhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle: Creat Comhpháirteach maidir le cur i gcoinne bagairtí hibrídeacha - freagra ón Aontas Eorpach, JOIN(2016) 18 final; Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal: Ag freagairt d'ionstraimiú státurraithe imirceach ag teorainn sheachtrach an Aontais, JOIN(2021) 32 final.

an Aontas a cheadú do náisiúnaigh tríú tíortha a mbeadh víosa ag teastáil uathu ina leith murach sin. Le scéimeanna den sórt sin, féadfar a cheadú dá dtairbhíthe nós imeachta rialta víosaí Schengen a sheachaint mar aon leis an measúnú grinn ar rioscaí imirce agus slándála aonair a bhaineann leis, lena n-áirítear imghabháil fhéideartha beart chun sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chosc²¹. Cé go n-urramaíonn an tAontas ceart na dtíortha ceannasacha cinneadh a dhéanamh maidir lena nósanna imeachta eadóirseachta féin, níor cheart rochtain ar an Aontas trí mheán córas taistil gan víosa a úsáid mar uirlis chun infheistíocht aonair a ghíaráil i gcomaoin na saoránachta. Chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin, ba cheart an deis a bheith ag an Aontas, ar bhonn anailís ón gCoimisiún, an díolúine ón gceanglas víosa a chur ar fionraí do thríú tír a roghnaíonn scéim saoránachta d'infheisteoirí a oibriú trína ndeonaítear saoránacht gan aon fhíornasc leis an tríú tír lena mbaineann, i gcomaoin íocaíochtaí nó infheistíochtaí réamhshocraithe.

Cuirtear foras nua fionraíochta leis in Airteagal 8a(1)(f) chun na cásanna sin a chumhdach ina bhféadfadh sé go dtiocfadh náisiúnaigh tríú tír, seachas náisiúnaigh an tríú tír sin, go dlíthiúil i gcríoch an tríú tír sin **mar thoradh ar easpa ailínithe beartais víosa tríú tír** a liostaítear in Iarscríbhinn II le beartas víosa an Aontais, agus ansin go rachadh siad isteach go neamhrialta i gcríoch na mBallstát. Ba cheart é a bheith indéanta an sásra fionraíochta a spreagadh chun rioscaí imirce neamhrialta den sórt sin a chosc, go háirithe i gcás ina bhfuil an tríú tír lena mbaineann i gcóngarach gheografach an Aontais.

Tá deis nua sa togra seo, a thugtar isteach le hAirteagal 8a(2) chun go gcuirfidh an Coimisiún tairseacha éagsúla san áireamh, agus cinneadh á dhéanamh aige an ndéanfaidh sé díolúine ón gceanglas víosa a fhionraí i gcásanna ina dtiocfaidh méadú substaintiúil ar an imirce neamhrialta, ar iarratais gan bhunús ar thearmann nó ar chionta coiriúla tromchúiseacha a bhaineann le náisiúnaigh an tríú tír sin, tar éis measúnú cás ar chás. Go háirithe, ba cheart don Choimisiún a mheasúnú an bhfuil imthosca sonracha ann, sna cásanna ar thug na Ballstáit fógra ina leith nó faoina anailís féin, a thabharfadh údar le tairseacha níos ísle nó níos airde a chur i bhfeidhm ná na cinn a shonraítear sa rialachán. Ina mheasúnú, ba cheart don Choimisiún líon iarbhair trasnaithe neamhrialta theorainneacha seachtracha Ballstáit, iarratais gan bhunús ar thearmann nó cionta coiriúla, líon agus méid an Bhallstáit nó na mBallstát a ndéantar difear dóibh, agus an tionchar ar staid fhoriomlán na himirce iontu, feidhmiú a gcóras tearmainn, nó a slándáil inmheánach, a chur san áireamh mar aon le gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an tríú tír i dtrácht chun an cás a leigheas.

Leagtar síos in Airteagal 8b **an nós imeachta agus na coinníollacha maidir le fógra ó Bhallstát** a thabhairt don Choimisiún nuair a bhíonn imthoisc amháin nó níos mó ann arb é atá ann nó arb iad atá iontu foras le haghaidh fionraí, agus an **nós imeachta maidir leis an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar an bhfógra sin**. Rialaítear é sin faoi láthair in Airteagail 8(2) agus 8(5) de Rialachán (AE) 2018/1806, faoi seach. Ní leasaítear raon feidhme fhógra na mBallstát, toisc go leanann sé de na forais fionraíochta atá ann cheana a chumhdach maidir le méaduithe ar an imirce neamhrialta, ar iarratais gan bhunús ar thearmann, ar laghduithe ar an gcomhar maidir le hathlígian isteach, agus ar mhéaduithe ar chionta coiriúla tromchúiseacha. Cé go bhfuil na forais nua atá beartaithe le haghaidh fionraí forchoimeádta d'anailís an Choimisiúin a rialaítear in Airteagal 8c, beidh na Ballstáit in ann faisnéis ábhartha a sholáthar

²¹ Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Scéimeanna Saoránachta agus Cónaithe d'Infheisteoirí san Aontas Eorpach, COM(2019) 12 final, lch. 23.

don Choimisiún freisin ar na forais bhreise sin, cé go bhfuil siad lasmuigh den nós imeachta foirmiúil maidir le fógra a thabhairt a leagtar amach in Airteagal 8b.

Le hAirteagal 8b **freisin déantar athrú ar an tréimhse thagartha chun a shainaithint gur ann do na himthosca** a bhféadfadh an fhionraí a bheith mar thoradh orthu (a áirítear faoi láthair in Airteagal 8(2)). Leasaítear an tréimhse thagartha chun tréimhse dhá mhí *ar a laghad a chumhdach*. D'fhágfadh sé sin go bhféadfaí tréimhsí tagartha níos faide a chur san áireamh freisin (e.g. treochtaí bliantúla) agus ní hamháin athruithe tobanna ar na himthosca ábhartha.

Leagtar amach in Airteagal 8c **oibleagáid an Choimisiúin faireachán a dhéanamh ar bhonn rialta ar na forais fionraíochta** a bheith ann maidir le gach tríú tír a liostaítear in Iarscríbhinn II, agus an nós imeachta chun an sásra fionraíochta a thionscnamh bunaithe ar anailís an Choimisiúin féin ar na forais sin a bheith ann.

Tugtar breac-chuntas in Airteagal 8d ar **oibleagáidí tuairiscithe an Choimisiúin** maidir le tíortha a bhfuil idirphlé léirscaoilte víosa curtha i gcrích acu (in Airteagal 8(4) faoi láthair) agus a thugann an deis don Choimisiún tuairisc a thabhairt ar aon cheann de na tíortha a bhfuil córas taistil gan víosa acu a liostaítear in Iarscríbhinn II, ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle.

Baineann Airteagail 8e agus 8f leis an nós imeachta fionraíochta trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme agus gníomhartha tarmligthe, faoi seach, a leagtar síos faoi láthair in Airteagal 8(6). Leasaítear an nós imeachta seo **trí fhad fhionraí shealadach na díolúine ón gceanglas víosa a mhéadú ó 9 mí go 12 mhí** (don chéad chéim) agus **ó 18 mí go 24 mhí** (don dara céim). Is é is aidhm don nós imeachta fionraíochta a dhéanamh níos éifeachtúla agus am iomchuí a thabhairt don idirphlé leis an tríú tír atá i gceist agus go ndéanfaidh sé bearta chun na himthosca ba chúis leis an bhfionraí a leigheas.

Tugtar isteach le hAirteagal 8e **nós imeachta práinne** freisin, lena gceadófaí don Choimisiún díolúine ón gceanglas víosa a fhionraí trí ghníomh cur chun feidhme atá infheidhme láithreach, nuair a mheasann sé go bhfuil mórghorais phráinne ann, lena n-éilítear gníomhaíocht bhrostithe nach bhféadfaí a áirithiú faoin ngnáthnós imeachta, go háirithe chun cosc a chur ar mhórphlódú isteach náisiúnach tríú tír a thagann isteach go neamhrialta i mBallstát ó chríoch tríú tír atá saor ó víosa don Aontas nó ar dhamáiste tromchúiseach do bheartas poiblí nó do shlándáil inmheánach na mBallstát.

I gceachtar den dá chéim, **féadfar deireadh a chur leis an bhfionraí a luaithe a dhéanfar na himthosca ba chúis leis an bhfionraí a leigheas**. Leagtar síos in Airteagail 8e(4) agus 8f(5) an nós imeachta chun deireadh a chur leis an díolúine ón gceanglas víosa a fhionraí i gcás ina scoirfidh na himthosca ba chúis leis an bhfionraí de bheith ann roimh dheireadh na céime fionraí sealadaí i dtrácht.

Ós rud é go ndéantar foráil le hAirteagal 8e maidir le nós imeachta práinne, leasaítear Airteagal 11 freisin chun tagairt a dhéanamh don nós imeachta comhfhreagrach in Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1806 a mhéid a bhaineann leis an athbhreithniú ar an sásra fionraíochta

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpach, agus go háirithe Airteagal 77(2), pointe (a) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I Rialachán (AE) 2018/1806 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²² liostaítear na tríú tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha na Ballstát dóibh agus lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin le haghaidh tréimhsí fanachta nach faide ná 90 lá in aon tréimhse 180 lá.
- (2) Ba cheart an sásra chun an díolúine ón gceanglas víosa a fhionraí go sealadach do náisiúnaigh tríú tír a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1806 ('an sásra fionraíochta') a neartú ionas go mbeidh coimirce níos éifeachtúla ar fáil don Aontas arb é is aidhm dó raon níos leithne imirce neamhrialta, beartais phoiblí agus rioscaí slándála a eascraíonn as na tríú tíortha a liostaítear san Iarscríbhinn II sin a chosc, chomh maith le mí-úsáid fhéideartha na díolúine ón gceanglas víosa a eascraíonn as oibriú scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí ag na tríú tíortha sin.
- (3) Go háirithe, ba cheart úsáid an tsásra fionraíochta a éascú trí na forais fhéideartha le haghaidh fionraíochta a leathnú, na tairseacha agus na nósanna imeachta ábhartha a oiriúnú, agus trí oibleagáidí faireacháin agus tuairiscithe an Choimisiúin a neartú.
- (4) Tá roinnt comhaontuithe tugtha i gcrích ag an Aontas maidir leis an tarscaoileadh ar víosa gearrfhanachta le tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1806 lena bhféadfar forais éagsúla le haghaidh fionraíochta nó nósanna imeachta éagsúla a áireamh leis na cinn a leagtar amach sa sásra fionraíochta, agus féadfaidh sé tuilleadh de na comhaontuithe sin a thabhairt i gcrích amach anseo. Ós rud é go n-urramaíonn an tAontas comhaontuithe idirnáisiúnta agus, dá bhrí sin, go

²² Rialachán (AE) 2018/1806 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin IO L 303, 28.11.2018, lch. 39.

bhfuil sé faoi cheangal ag na comhaontuithe sin, ba cheart na forálacha éagsúla ábhartha a leagtar amach sna comhaontuithe sin a chur i bhfeidhm in ionad fhorálacha ábhartha an tsásra fionraíochta.

- (5) Ina conclúidí an 22 Deireadh Fómhair 2021, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún aon athrú riachtanach ar chreat dlíthiúil agus ar bhearta nithiúla an Aontais a mholadh chun freagairt láithreach agus iomchuí ar bhagairtí hibrídeacha a áirithiú i gcomhréir le dlí an Aontais agus le hoibleagáidí idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith indéanta an sásra fionraíochta a thionscnamh i gcás rioscaí nó bagairtí do bheartas poiblí nó do shlándáil inmheánach na mBallstát a eascraíonn as bagairtí hibrídeacha amhail cásanna ina ndéantar ionstraimiú státurraithe ar imircigh a dhíchobhsú nó an bonn a bhaint den tsochaí agus de na príomhinstitiúidí.
- (6) Le scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí a oibríonn tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1806, ceadaítear córas taistil gan víosa chuig an Aontas do náisiúnaigh tríú tír a mbeadh víosa ag teastáil ina leith murach sin. Faoi scéim saoránachta d'infheisteoirí, deonaítear saoránacht i gcomaoin íocaíochtaí nó infheistíochtaí réamhshocráithe gan aon fhíornasc leis an tríú tír lena mbaineann. Cé go n-urramaíonn an tAontas ceart na dtíortha ceannasacha cinneadh a dhéanamh maidir lena nósanna imeachta eadóirseachta féin, ba cheart cosc a chur ar thríú tíortha úsáid a bhaint as rochtain gan víosa ar an Aontas mar uirlis chun infheistíocht aonair a ghairiú i gcomaoin na saoránachta. Chun cosc a chur ar rochtain gan víosa ar an Aontas a bheith á úsáid chuige sin, ba cheart é a bheith indéanta an díolúine ón gceanglas víosa a fhionraí do thríú tír a roghnaíonn scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí den sórt sin a oibriú, i gcás ina ndeonaítear saoránacht gan aon fhíornasc leis an tríú tír lena mbaineann.
- (7) I gcás nach bhfuil beartas víosa tríú tír a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1806 ailínithe le beartas víosa an Aontais a mhéid a bhaineann le liosta na dtíortha a gceanglaítear ar a náisiúnaigh víosa a bheith ina seilbh acu agus iad ag trasnú theorainneacha seachtracha na mBallstát, d'fhéadfadh imirce neamhrialta chuig an Aontas a bheith mar thoradh air sin, go háirithe i gcás ina bhfuil an tríú tír lena mbaineann i ngar don Aontas. Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith indéanta an sásra fionraíochta a thionscnamh i gcás ina dtagann an Coimisiún ar an gconclúid, tar éis dó measúnú a dhéanamh, go bhfuil riosca ann go dtiocfaidh méadú substaintiúil ar líon saoránach tríú tíortha, seachas náisiúnaigh an tríú tír sin, a thagann go dlíthiúil i gcríoch an tríú tír sin agus ansin go dtiocfaidh siad isteach go neamhrialta i gcríoch na mBallstát mar thoradh ar an neamhailíniú sin.
- (8) Na tairseacha chun an sásra fionraíochta a thionscnamh i gcás méadú substaintiúil a theacht ar an líon náisiúnach de thríú tír ar diúltaíodh dul isteach dóibh nó a bhfuarthas go bhfuil siad ag fanacht ar chríoch an Bhallstáit gan ceart chuige sin a bheith acu, nó i líon na n-iarratas ar thearmann ó náisiúnaigh den tríú tír sin a bhfuil an ráta aitheantais íseal ina leith, nó i líon na gcionta coiriúla tromchúiseacha a bhaineann le náisiúnaigh den tríú tír sin, ba cheart iad a bheith faoi réir measúnú cás ar chás ag an gCoimisiún. Go háirithe, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann a mheasúnú an bhfuil imthosca sonracha ann, sna cásanna ar thug na Ballstáit fógra ina leith nó faoina anailís féin, a thabharfadh údar le tairseacha níos ísle nó níos airde a chur i bhfeidhm ná na cinn a shonraítear i bhforálacha ábhartha Rialachán (AE) 2018/1806. Ba cheart a chur san áireamh i measúnú an Choimisiúin, mar shampla, líon na dtrasnuithe neamhúdaráithe ar theorainneacha seachtracha na mBallstát, iarratais gan bhunús ar thearmann nó cionta coiriúla i gcomhréir le líon agus méid na mBallstát a ndéantar difear dóibh agus tionchar na n-uimhreacha sin ar staid fhoriomlán na himirce, feidhmiú na gcóras

tearmainn nó slándáil inmheánach na mBallstát a ndéantar difear dóibh, mar aon le gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an tríú tír lena mbaineann chun an cás a leigheas.

- (9) Chun fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis na himthosca a d'fhéadfadh a bheith ina bhforas le haghaidh fionraí, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann tréimhsí tagartha níos faide ná 2 mhí a chur san áireamh chun athruithe tobanna ar an staid ábhartha a shainaithint ach, ní hamháin sin, treochtaí níos fadtéarmaí a d'fhéadfadh údar a thabhairt le húsáid an tsásra fionraíochta víosa.
- (10) Aon uair a mheasann sé go bhfuil gá leis, nó arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle, ba cheart don Choimisiún tuairisciú a dhéanamh ar thoradh a fhaireacháin chórasaigh ar na córais taistil gan víosa leis na tríú tíortha go léir a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1806. Ba cheart don tuarascáil díriú ar na tríú tíortha sin a bhfuil fadhbanna sonracha ag baint leo, de réir anailís an Choimisiúin, a bhféadfadh spreagadh an tsásra fionraíochta a bheith mar thoradh orthu mura dtugtar aghaidh orthu. Go háirithe, ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar thuairisciú a dhéanamh ar thíortha a liostaítear as an nua in Iarscríbhinn II gan dul i mbun idirphlé maidir le léirscaoileadh víosa, i gcás ina measann sé go bhfuil gá leis agus go háirithe sna chéad bhlianta tar éis theacht i bhfeidhm na díolúine ón gceanglas víosa do na tíortha sin.
- (11) I gcás ina ndearnadh cinneadh an díolúine ón gceanglas víosa do thríú tír a fhionraí go sealadach, ba cheart tréimhse ama leordhóthanach a bheith ann don idirphlé feabhsaithe idir an Coimisiún agus an tríú tír lena mbaineann arb é is aidhm dó na himthosca ba chúis leis an bhfionraí a leigheas. Chun na críche sin, ba cheart 12 mhí mar chéad chéim a bheith i gceist le fad na fionraíochta sealadaí a chinnfidh gníomh cur chun feidhme ón gCoimisiún, agus ba cheart an deis a bheith ann síneadh 24 mhí eile a chur leis an bhfionraí sin le gníomh tarmligthe. I gcás nach dtiocfar ar réiteach roimh dheireadh thréimhse bailíochta an ghnímh tarmligthe agus go dtíolacann an Coimisiún togra reachtach chun an tríú tír lena mbaineann a aistriú ó Iarscríbhinn II go dtí Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1806, ba cheart don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh lena gcuirtear síneadh leis an bhfionraí shealadach go dtí go dtiocfaidh an togra a ghlacadh i bhfeidhm.
- (12) Ba cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach a ghlacadh más rud é, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo agus a bhaineann leis an sásra fionraíochta a spreagadh, go bhfuil gá le gníomhaíocht bhrostithe ar mhórfhorais phráinne, go háirithe chun cosc a chur ar aon mhí-úsáid as córas taistil gan víosa is cúis le hollsreabhadh náisiúnach tríú tír a thagann isteach go neamhrialta i gcríoch na mBallstát nó le damáiste tromchúiseach do bheartas poiblí nó do shlándáil inmheánach na mBallstát.
- (13) Ba cheart deireadh a chur leis an bhfionraí shealadach tráth ar bith ina ndéantar na himthosca ba chúis leis an bhfionraí a leigheas roimh dheireadh thréimhse na fionraíochta. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh roimh dheireadh na tréimhse fionraíochta a leagtar amach sa ghníomh cur chun feidhme ábhartha, agus gníomh tarmligthe a ghlacadh roimh dheireadh na tréimhse fionraíochta a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe ábhartha.
- (14) A mhéid a bhaineann leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus ag Poblacht na hÍoslainne agus ag Ríocht na hIorua maidir le comhlachas Ríocht na hIorua le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim

an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe B de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle²³.

- (15) A mhéid a bhaineann leis an Eilvéis, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna shíniú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis*²⁴ Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointí B agus C, de Chinneadh 1999/437/CE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle²⁵.
- (16) A mhéid a bhaineann le Lichtinstéin, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis*²⁶ Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointí B agus C, de Chinneadh 1999/437/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle²⁷.
- (17) Is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle²⁸; dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (18) Is é atá sa Rialachán seo gníomh atá ag cur le *acquis* Schengen nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, de réir bhrí Airteagal 3(1) d'Ionstraim Aontachais 2003 agus Airteagal 4(1) d'Ionstraim Aontachais 2005 faoi seach,

²³ Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus ag Poblacht na hÍoslainne agus ag Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31).

²⁴ IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

²⁵ Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008, lch. 1).

²⁶ IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

²⁷ Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19).

²⁸ Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) 2018/1806 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

‘Airteagal 8

Sásra fionraíochta

1. De mhaolú ar Airteagal 4, déanfar an díolúine ón gceanglas víosa do náisiúnaigh tríú tír a liostaítear in Iarscríbhinn II a chur ar fionraí go sealadach, bunaithe ar shonraí ábhartha agus oibiachtúla, i gcomhréir leis na coinníollacha agus an nós imeachta a leagtar amach in Airteagail 8a go 8f.

Féadfar an sásra fionraíochta a thionscnamh trí fhógra ó Bhallstát chuig an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 8b, nó ar bhonn anailís an Choimisiúin féin i gcomhréir le hAirteagal 8c.

2. I gcásanna ina n-áirítear forálacha maidir le forais nó nósanna imeachta éagsúla le haghaidh fionraí i gcomhaontú maidir leis an tarscaoileadh ar víosa ghearrfhanachta idir an tAontas agus tríú tír a liostaítear in Iarscríbhinn II, cuirfear na forálacha sin i bhfeidhm in ionad Airteagal 8a, 8e agus 8f den Rialachán seo.’

(2) Cuirtear na hAirteagail seo a leanas isteach:

‘Airteagal 8a

Forais chun fionraíocht a chur i bhfeidhm

1. Féadfar an sásra fionraíochta a thionscnamh ar na cúiseanna seo a leanas:

(a) méadú substaintiúil a theacht ar an líon náisiúnach tríú tír a liostaítear in Iarscríbhinn II ar diúltaíodh cead isteach dóibh nó a bhfuarthas go bhfuil siad ag fanacht ar chríoch Ballstáit gan ceart chuige sin a bheith acu;

(b) méadú substaintiúil a theacht ar an líon iarratas ar thearmann ó náisiúnaigh tríú tír a liostaítear in Iarscríbhinn II, ar tír í ar ina leith atá an ráta aitheantais íseal;

(c) laghdú ar an gcomhar maidir le hathlíghean isteach le tríú tír a liostaítear in Iarscríbhinn II, nó cásanna eile neamh-chomhoibrithe maidir le hathlíghean isteach;

(d) riosca suntasach nó garbhaol a bheith ann do bheartas poiblí nó do shlándáil inmheánach na mBallstát a bhaineann le tríú tír a liostaítear in Iarscríbhinn II agus a eascraíonn as aon cheann díobh seo a leanas:

(i) méadú substaintiúil ar chionta coiriúla tromchúiseacha, a bhaineann le náisiúnaigh ón tríú tír sin, arna bhfíorú le faisnéis oibiachtúil, nithiúil agus ábhartha agus le sonraí arna gcur ar fáil ag údaráis inniúla;

(ii) bagairtí hibrídeacha;

(e) scéim saoránachta d’infheisteoirí a bheith á hoibriú ag tríú tír a liostaítear in Iarscríbhinn II, trína ndeonaítear saoránacht gan aon fhiornasc leis an tríú tír lena mbaineann, i gcomaoin íocaíochtaí nó infheistíochtaí réamhshocráithe;

(f) neamhailíniú beartais víosa tríú tír a liostaítear in Iarscríbhinn II, i gcás, go sonrach i ngeall ar an tríú tír sin a bheith gar don Aontas, go bhfuil riosca ann go dtiocfaidh méadú substaintiúil ar an líon náisiúnach tríú tír, seachas náisiúnaigh an tríú tír sin, a thagann go

neamhrialta i gcríoch na mBallstát tar éis dóibh fanacht ar chríoch an tríú tír sin, nó tar éis dóibh idirthuras trí chríoch an tríú tír sin;

(g) maidir leis na tríú tíortha ar díolmhaíodh a náisiúnaigh ón gceanglas víosa agus iad ag taisteal chuig críoch na mBallstát mar thoradh ar idirphlé rathúil maidir le léirscaoileadh víosa idir an tAontas agus an tríú tír sin, an neamhchomhlíonadh maidir leis na ceanglais shonracha, atá bunaithe ar Airteagal 1 agus a úsáideadh chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht léirscaoilte víosa a dheonú.

2. Chun críocha mhír 1, pointí (a), (b) agus (d)(i), den Airteagal seo, ciallóidh méadú substaintiúil méadú a sháraíonn tairseach 50 %, mura gcinneann an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 8b(4) nó le hAirteagal 8c(2) go bhfuil méadú níos ísle nó níos airde infheidhme sa chás áirithe lena mbaineann.

3. Chun críocha mhír 1, pointe (b), den Airteagal seo, ciallóidh ráta íseal aitheantais ráta aitheantais maidir le hiarratais ar thearmann níos lú ná 4 %, mura gcinneann an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 8b(4) nó le hAirteagal 8c(2) go bhfuil ráta aitheantais níos airde infheidhme sa chás áirithe lena mbaineann.

4. Chun críocha mhír 1, pointe (c), ciallóidh laghdú ar an gcomhar le tríú tír a liostaítear in Iarscríbhinn II maidir le hathlígian isteach méadú substaintiúil, arna fhíorú le sonraí leordhóthanacha, ar ráta diúltaithe na n-iarratas ar athlígian isteach a chuir Ballstát faoi bhráid an tríú tír sin, ar iarratais iad a bhaineann le náisiúnaigh den tríú tír sin nó, i gcás ina bhforáiltear amhlaidh i gcomhaontú um athlígian isteach a tugadh i gcrích idir an tAontas nó an Ballstát sin agus an tríú tír sin, le náisiúnaigh tríú tír a rinne idirthuras tríd an tríú tír sin.

5. Chun críocha mhír 1, pointe (c), féadfar na nithe seo a leanas a mheas mar chásanna eile neamh-chomhoibrithe maidir le hathlígian isteach:

(a) iarratais ar athlígian isteach a dhiúltú nó gan iad a phróiseáil in am trátha;

(b) gan doiciméid taistil a eisiúint in am trátha, ar chun críocha an fhillidh laistigh de na sprioc-amanna atá leagtha amach sa chomhaontú um athlígian isteach iad nó gan glacadh le doiciméid taistil Eorpacha arna n-eisiúint tar éis dhul in éag na sprioc-amanna leagtha amach sa chomhaontú um athlígian isteach;

(c) an comhaontú um athlígian isteach a tugadh i gcrích idir tríú tír a liostaítear in Iarscríbhinn II agus an tAontas a fhoirceannadh nó a chur ar fionraí.

Airteagal 8b

Fógra ó na Ballstáit agus scrúdú ar an bhfógra

1. Féadfaidh Ballstát fógra a thabhairt don Choimisiún más rud é, thar thréimhse 2 mhí ar a laghad, i gcomparáid leis an tréimhse chéanna den bhliain roimhe sin nó leis an 2 mhí dheireanacha roimh theacht i bhfeidhm na díolúine ón gceanglas víosa do náisiúnaigh tríú tír a liostaítear in Iarscríbhinn II, más rud é gur ann do cheann amháin nó níos mó de na himthosca arb é atá iontu na forais fionraíochta dá dtagraítear in Airteagal 8a(1), pointí (a), (b), (c), agus (d)(i).

2. Maidir leis an bhfógra dá dtagraítear sa chéad mhír den Airteagal seo, tabharfar na cúiseanna ar a bhfuil sé bunaithe agus cuimseofar leis sonraí agus staidreamh ábhartha mar aon le míniú mionsonraithe ar na réamhbhearta atá glactha ag an mBallstát lena mbaineann d'fhonn an staid a leigheas. San fhógra sin, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann a shonrú na catagóirí náisiúnach ón tríú tír lena mbaineann atá le cumhdach le gníomh cur chun feidhme faoi Airteagal 8e(1), agus na cúiseanna mionsonraithe atá leis á sonrú.

3. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas láithreach faoi fhógra den sórt sin.

4. Scrúdóidh an Coimisiún aon fhógra arna thabhairt de bhun mhír 1 den Alt seo, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh:

(a) an ann d'aon cheann de na himthosca arb é atá iontu na forais dá dtagraítear in Airteagal 8a(1), pointí (a), (b), (c), nó (d)(i);

(b) líon na mBallstát a ndéanann aon cheann de na himthosca sin difear dóibh;

(c) tionchar foriomlán na n-imthosca sin ar staid na himirce san Aontas i bhfianaise na sonraí a chuir na Ballstáit ar fáil nó atá ar fáil don Choimisiún;

(d) na tuarascálacha a ullmhóidh an Garda Teorann agus Cósta Eorpach²⁹, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann³⁰, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol)³¹ nó aon institiúid, aon chomhlacht, aon oifig nó aon ghníomhaireacht ábhartha eile de chuid an Aontais nó eagraíocht idirnáisiúnta, má éilítear sin leis na himthosca sa chás sonrach;

(e) an fhaisnéis a d'fhéadfadh a bheith tugtha ag an mBallstát lena mbaineann san fhógra uaidh maidir le bearta féideartha faoi Airteagal 8e(1);

(f) ceist fhoriomlán an bheartais phoiblí agus na slándála inmheánaí, i gcomhairliúchán leis an mBallstát lena mbaineann.

5. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi thorthaí a scrúdaithe.

Airteagal 8c

Faireachán agus anailís an Choimisiúin féin

1. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar na forais fionraíochta dá dtagraítear in Airteagal 8a(1) a bheith ann ar bhonn rialta.

Maidir leis na tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn II, go háirithe, mar thoradh ar idirphlé rathúil maidir le léirscaoileadh víosa idir an tAontas agus an tríú tír sin, déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chomhlíonadh leanúnach na gceanglas sonrach, atá bunaithe ar Airteagal 1 agus a úsáideadh chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht léirscaoileadh víosa a dheonú.

2. I gcás ina bhfuil faisnéis nithiúil iontaofa ag an gCoimisiún, agus na sonraí, na tuarascálacha agus an staidreamh ábhartha á gcur san áireamh aige i dtaobh aon cheann de na forais dá dtagraítear in Airteagal 8a(1) a bheith ann, cuirfidh sé Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoina anailís, agus beidh feidhm ag Airteagal 8e agus ag Airteagal 8f.

²⁹ Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624 (IO L 295, 14.11.2019, lch. 1).

³⁰ Rialachán (AE) 2021/2303 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2021 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 439/2010 (IO L 468, 30.12.2021, lch. 1).

³¹ Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin (IO L 135, 24.5.2016, lch. 53).

Airteagal 8d

Tuairisciú

1. Tuairisceoidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir leis an bhfaireachán a dhéanfar i gcomhréir le hAirteagal 8c(1) i ndáil leis na tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn II mar thoradh ar idirphlé rathúil maidir le léirscaoileadh víosa idir an tAontas agus an tríú tír sin, uair amháin in aghaidh na bliana ar a laghad agus go ceann tréimhse 7 mbliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm léirscaoileadh víosa do na tríú tíortha sin, agus ina dhiaidh sin nuair a mheasann an Coimisiún go bhfuil gá leis, nó arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle. Díreofar sa tuarascáil ar na tríú tíortha a mheasann an Coimisiún, ar bhonn faisnéise nithiúla iontaofa, nach gcomhlíonann ceanglais shonracha áirithe a thuilleadh, atá bunaithe ar Airteagal 1 agus a úsáideadh chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht léirscaoileadh víosa a dheonú.

2. Tuairisceoidh an Coimisiún freisin, nuair a mheasann sé go bhfuil gá leis, nó arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle, maidir le tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn II seachas na tríú tíortha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.

Airteagal 8e

Gníomhartha cur chun feidhme

1. I gcás ina gcinneann an Coimisiún, ar bhonn an scrúdaithe dá dtagraítear in Airteagal 8b(4), nó ar bhonn na hanailíse dá dtagraítear in Airteagal 8c(2), agus iarmhairtí fhionraíocht na díolúine ón gceanglas víosa do chaidreamh seachtrach foriomlán an Aontais agus na mBallstát leis an tríú tír lena mbaineann á gcur san áireamh aige, agus é ag obair i ndlúthchomhar leis an tríú tír lena mbaineann chun teacht ar réitigh mhalartacha fhadtéarmacha an tráth céanna, go bhfuil gá le gníomhaíocht, nó i gcás inar thug tromlach simplí na mBallstát fógra don Choimisiún á rá gur ann d'imthosca dá dtagraítear in Airteagal 8a(1), pointí (a), (b), (c) nó (d)(i), glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme lena gcuirfear an díolúine ón gceanglas víosa ar fionraí go sealadach do náisiúnaigh an tríú tír lena mbaineann ar feadh tréimhse 12 mhí.

Beidh feidhm ag an bhfionraíocht maidir le catagóirí áirithe náisiúnach den tríú tír lena mbaineann, trí thagairt do na cineálacha ábhartha doiciméad taistil agus, i gcás inarb iomchuí, do chritéir bhreise. Nuair a bheidh cinneadh á dhéanamh aige maidir leis na catagóirí a bhfuil feidhm ag an bhfionraíocht leo, déanfaidh an Coimisiún, bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil, catagóirí atá leathan a ndóthain chun go mbeidh siad ina gcabhair éifeachtúil chun na himthosca ba chúis leis an bhfionraíocht a leigheas, agus urramóidh sé prionsabal na comhréireachta agus an neamh-idirdhealaithe i gcomhréir le hAirteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Cinnfear leis an ngníomh cur chun feidhme sin an dáta a thiocfaidh fionraí na díolúine ón gceanglas víosa i bhfeidhm.

Glacfaidh an Coimisiún an gníomh cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír laistigh de mhí amháin:

(a) tar éis dó an fógra dá dtagraítear in Airteagal 8b a fháil;

(b) tar éis Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas faoina anailís dá dtagraítear in Airteagal 8c(2);

(c) tar éis dó an fógra a fháil ó thromlach simplí na Ballstát ina luaitear gur ann d'fhorais dá dtagraítear in Airteagal 8a(1), pointí (a), (b), (c) nó (d)(i).

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11(2).

2. Ar mhórfhorais phráinne a bhfuil údar cuí leo, déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 11(4), lena gcuirfear ar fionraí go sealadach an díolúine ón gceanglas víosa do náisiúnaigh an tríú tír lena mbaineann ar feadh tréimhse 12 mhí.

3. Le linn na tréimhse fionraíochta, bunóidh an Coimisiún idirphlé feabhsaithe leis an tríú tír lena mbaineann, d'fhonn go leigheasfaí na himthosca atá i gceist.

4. I gcás ina ndéanfar na himthosca ba chúis leis an díolúine ón gceanglas víosa a chur ar fionraí go sealadach a leigheas roimh dheireadh thréimhse bhailíochta na ngníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun mhíreanna 1 agus 2, glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme chun deireadh a chur leis an bhfionraíocht shealadach i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11(2).

Airteagal 8f

Gníomhartha tarmligthe

1. I gcás inar ann i gcónaí do na forais dá dtagraítear in Airteagal 8a, glacfaidh an Coimisiún, ar a dhéanaí dhá mhí roimh dhul in éag na tréimhse 12 mhí dá dtagraítear in Airteagal 8e(1), gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 10 lena leasaítear Iarscríbhinn II chun cur i bhfeidhm na hIarscríbhinne sin a chur ar fionraí go sealadach go ceann tréimhse 24 mhí maidir le náisiúnaigh uile an tríú tír lena mbaineann. Déanfar an leasú sin trí fhonóta a chur le hais ainm an tríú tír atá i gceist, lena léireofar go bhfuil an díolúine ón gceanglas víosa ar fionraí i ndáil leis an tríú tír sin agus ina sonrú tréimhse na fionraíochta sin. Beidh feidhm ag an ngníomh tarmligthe ó dháta dhul in éag an ghnímh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 8e(1).

2. Gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 6, cuirfear de cheangal, le linn na tréimhse fionraíochta, ar náisiúnaigh an tríú tír lena mbaineann víosaí a bheith ina seilbh acu agus iad ag trasnú teorainneacha seachtracha na mBallstát.

3. Ballstát a dhéanann foráil, i gcomhréir le hAirteagal 6, do dhíolúintí nua ón gceanglas víosa do chatagóir náisiúnach den tríú tír a chumhdaítear leis an ngníomh lena gcuirtear an díolúine ón gceanglas víosa ar fionraí, cuirfidh sé na bearta sin in iúl i gcomhréir le hAirteagal 12.

4. Roimh dheireadh thréimhse bhailíochta an ghnímh tarmligthe a ghlactar de bhun mhír 1 den Airteagal seo, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

Féadfaidh togra reachtaíochta chun an Rialachán seo a leasú a bheith ag gabháil leis an tuarascáil d'fhonn an tagairt don tríú tír lena mbaineann a aistriú ó Iarscríbhinn II go dtí Iarscríbhinn I. Sa chás sin, glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe eile i gcomhréir le hAirteagal 10, lena leasaítear Iarscríbhinn II chun síneadh ama a chur le tréimhse fionraíochta na díolúine ón gceanglas víosa ó dheireadh thréimhse bailíochta an ghnímh tarmligthe a ghlactar de bhun mhír 1 den Airteagal seo go dtí go dtiocfaidh an leasú lena n-aistrítear an tríú tír lena mbaineann go dtí Iarscríbhinn I i bhfeidhm. Déanfar an fonóta a leasú dá réir sin.

5. I gcás ina ndéanfar na himthosca ba chúis leis an díolúine ón gceanglas víosa a chur ar fionraí go sealadach a leigheas roimh dheireadh thréimhse bhailíochta na ngníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun mhíreanna 1 agus 4 den Airteagal seo, glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 10 lena leasaítear Iarscríbhinn II chun deireadh a chur leis an bhfionraíocht shealadach.'

- (4) leasaítear Airteagal 10 mar a leanas:
- (a) i mír 3, cuirtear ‘Airteagal 8f’ in ionad ‘phointe (b) d’Airteagal 8(6)’;
 - (b) i mír 4, cuirtear ‘Airteagal 8f’ in ionad ‘phointe (b) d’Airteagal 8(6)’;
 - (c) i mír 8, cuirtear ‘Airteagal 8f’ in ionad ‘phointe (b) d’Airteagal 8(6)’.

- (5) in Airteagal 11, cuirtear an mhír seo a leanas, mír 4 leis:

‘4. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, i gcomhar le hAirteagal 5 de.’

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán